FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS — EDUCATIONAL RESEARCH CENTRE
COLÁISTE PHÁDRAIG · BAILE ÁTHA CLIATH 9 — ST. PATRICK'S COLLEGE · DUBLIN 9
TEL. + 353 1 837 3789
FAX. + 353 1 837 8997

5 Meitheamh, 2012

A Thuismitheoir, a Chara,

Mar is eol duit, cuireann a lán scoileanna na torthaí ó thrialacha caighdeánacha ar fáil anois do thuismitheoirí ar bhonn rialta. Is é an aidhm a bhaineann leis an nóta seo ná treoir a chur ar fáil duit agus tuiscint á fháil agat ar scóir do pháiste ar an *Triail Ghaeilge Dhroim Conrach*, triail caighdeánaithe don léitheoireacht Ghaeilge, a bhíonn á riar ag a lán scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge.

Go hiondúil déantar gnóthachtáil do pháiste sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic a mheas ar thrialacha a bhíonn caighdeánaithe ar shamplaí ionadaíocha náisiúnta ag an leibhéal ranga céanna le do pháiste. Tugann sé seo deis duit gnóthachtáil do pháiste a chur i gcomparáid le páistí eile ón rangleibhéal céanna go náisiúnta, trasna na scoileanna uile sa chóras oideachais – sin scoileanna a bhíonn ag teachasc trí mheán an Bhéarla *agus* scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge..

Cúig bliana ó shin, nuair a d'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an bhForas Taighde ar Oideachas triail chaighdeánach don Ghaeilge a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid chun gnóthachtáil dhaltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge a mheas, rinneadh cinneadh noirm na dtrialacha a bhunú ar dhaltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge amháin (seachas ar na daltaí uile go náisiúnta). Rinneadh an cinneadh seo bunaithe ar eolas ó na torthaí ó staidéar náisiúnta i 2002 ar Ghaeilge labhartha agus ar chumas léitheoireachta Gaeilge i samplaí ionadaíocha náisiúnta de scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na Gaeilge *agus* trí mheán an Bhéarla. Léirigh an staidéar go raibh na caighdeáin sa Ghaeilge labhartha agus sa léitheoireacht Ghaeilge i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, agus i nGaelscoileanna ach go háirithe, i bhfad chun tosaigh ar na caighdeáin i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla.

Nuair a thosaíomar cúig bliana ó shin, dá mbeimís tar éis triail chaighdeánaithe a fhorbairt don Ghaeilge a chlúdódh gach scoil, ní bheadh sé indéanta idirdhealú a dhéanamh idir na daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Bheadh scóir á aimsiú ag a bhformhór a bheadh ag nó gar do bharr an scála, agus ní bheadh an triail in ann na héagsúlachtaí idir dhaltaí a aimsiú, a d'fhéadfadh a bheith úsáideadh do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim.

Tá, áfach, roinnt iarmhairtí a bhaineann le gnóthachtáil ar thriail a léirmhíniú i gcomhthéacs norm a bhíonn bunaithe ar na daltaí sin amháin a bhíonn ag freastal ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge.

Ar an iomlán, bíonn meánleibhéil arda sa ghnóthachtáil don Bhéarla agus don mhatamaitic ag scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge (Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta araon) i gomparáid le scoileanna i gcoitinne. Léiríodh é seo i staidéar a rinne an Foras Taighde ar Oideachas i 2010 i sampla de scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. I ngeall ar na hardleibhéil sa ghnóthachtáil don Bhéarla agus don mhatamaitic do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge, is dócha go mbeadh an chosúlacht ann go mbíonn an cruthúnas ag roinnt daltaí go sár-mhaith sa Bhéarla agus/nó sa mhatamaitic i gcomparáid le Gaeilge. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a bheith san airdeall go mbíonn a gcruthúnas sa Bhéarla agus sa mhatamaitic bainteach leis na caighdeáin náisiúnta, ach go mbíonn na caighdeáin don Ghaeilge bainteach leis na scoileanna sin amháin a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Dá réir sin, do pháiste i scoil a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus a aimsíonn scór Sten 4, 5 nó 6 sa léitheoireacht Ghaeilge, bíonn gnóthachtáil ag an dalta sin a bhíonn sa mheán-raon, i gcomparáid le páistí eile ón rangleibhéal céanna i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Is dócha go mbeadh scór Sten i bhfad níos airde faighte ag an bpáiste sin dá mbeadh na noirm don triail bunaithe ar shampla náisiúnta scoileanna agus daltaí ina mbeadh gach scoil san áireamh.

Ar an dul céanna, do pháiste a bhíonn ag freastal ar scoil a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge agus a ghnóthaíonn scór Sten 1-3 sa léitheoireacht Ghaeilge, bíonn an ghnóthachtáil seo faoi bhun an mheáin i gcomparáid le páistí eile a bhíonn ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge, ach is dócha go mbeadh scór Sten i bhfad níos airde bainte amach ag an dalta dá mbeadh na scoileanna uile go náisiúnta san áireamh.

Mise le meas,

Gearóid Ó Siaghail

Gearóid Ó Siaghail